Cití agus an Scáthán

Séideán Sí



Uinseann Ó Domhnaill

Maria Murray a mhaisigh

Cití agus an Scáthán

Uinseann Ó Domhnaill

Maria Murray a mhaisigh

An Gúm

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2005

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2005

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Maria Murray

Criterion Press a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Chuaigh Cití isteach sa seomra codlata.

Bhí scáthán sa seomra codlata.

Chonaic Cití cat eile sa scáthán.

Léim Cití suas san aer.



Léim an cat eile suas san aer.

Shuigh Cití síos.



Shuigh an cat eile síos.

Chuir Cití a cosa ar an scáthán.

Chuir an cat eile a chosa ar an scáthán.

Chuir Cití a srón ar an scáthán.

Chuir an cat eile a shrón ar an scáthán.

Chuir Cití cuma throda uirthi féin.

Chuir an cat eile cuma throda air féin.

Baineadh geit as Cití.



Baineadh geit as an gcat eile.

Thosaigh Cití ag troid leis an gcat sa scáthán.

Thosaigh an cat sa scáthán ag troid le Cití.

Go tobann thit an scáthán!

Rith Daidí isteach. Lig sé béic as.

‘Cé a bhris an scáthán?’ arsa Daidí.

Ach cá bhfuil an cat eile?

Chuaigh Cití isteach sa seomra codlata.

Bhí scáthán sa seomra codlata …

An Gúm